2025/375

27.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/375 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Feabhra 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le méadair gháis agus gairis tiontaithe toirte gáis a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), uirlisí tomhais atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8558 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN), Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec), agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2014/32/AE i ndáil le huirlisí áirithe tomhais, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2018 maidir le gairis tiontaithe toirte gáis agus EN 12261:2018 maidir le méadair gháis tuirbín, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 ón gCoimisiún ([4]). Dá thoradh sin, glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2021 agus EN 12261:2024.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann caighdeáin EN 12405-1:2021 agus EN 12261:2024 an iarraidh.

(5) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2021 agus EN 12261:2024, comhlíonann siad na ceanglais fhíor-riachtanacha is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/32/AE. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí a bhaineann leis na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/32/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8558 final ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huirlisí áirithe tomhais.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le méadair gháis agus uirlisí tomhais eile a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 302, 26.8.2021, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1402/oj).

(6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/32/AE. Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2021 agus EN 12261:2024 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(7) Is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2018 agus EN 12261:2018 a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ós rud é go bhfuil athbhreithniú déanta ar na caighdeáin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 a leasú dá réir.

(9) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm na gcaighdeán comhchuibhithe, is gá tarraingt siar na tagartha do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12405-1:2018 agus EN 12261:2018 a chur siar.

(10) Caighdeán comhchuibhithe a bheith á chomhlíonadh, tugann sé sin le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú, ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 27 Lúnasa 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachan Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 2 agus 3;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘2a.	EN 12261:2024 Méadair gháis - Méadair gháis tuirbín’;

(3)

‘3a.	EN 12405-1:2021 Méadair gháis - Gairis tiontaithe - Cuid 1: Tiontú toirte’.